

Tugtar léargas sa dráma An Triail ar an gcaoi chruálach mhíthrócaireach ar caitheadh le máthair neamhphósta in Éirinn sna seascaidí – 2018

Is dráma láidir, **airitheach** (perceptive) é 'An Triail' le plota agus téama **conspóideach** (controversial) agus **tráthúil** (timely), áit a fhaighimid léargas ar shaol na hÉireann agus ar dhearcadh an phobail i leith ceann de mhórfhadhbanna sóisialta agus **moráltachta** (moral) na haoise seo ; cailín óg truamhéileach a raibh páiste aici le fear pósta. Scrúdaíonn 'An Triail' dearcadh fimíneach, **caolaigeantacht** (narrow-minded) an tsochaí i leith máithreacha peacúla **in am ina raibh ceannasaíocht ag na fir** (time when men were in power/leadership). Baineann an dráma go **dlúth** (densly) le fulaingt an phríomhcharachtair Máire Ní Chathasaigh agus na deacrachtaí a bhí aici mar máthair shingil sa tréimhse seo. Is trí charachtar Mháire a insítear scéalta na mílte máithreacha singile a ndearna éagóir orthu sa tréimhse seo. **Díríonn an t-údar ár n-aire** (directs our attention) ar an scoilt idir an Chríostaíocht agus an charthanacht – rud a fheictear sa chaoi a chaitheann an tsochaí le Máire. Feictear dúinn go bhfuil easpa cearta agus **gutha** (voice) ag na cailíní seo i gcomparáid le máithreacha singile na linne seo. Tugtar le tuiscint dúinn sa dráma seo go ndéantar cailíní mar seo a **dhíbirt** (banish), a imeallú agus a **chéasadh** (torment). Níl iontu i súile an phobail ach sraoileanna, cailíní mímhórála, **striapaí** (prostitutes) fiú. Tá mórán de na carachtar den tuairim gur chiontaigh Máire is na máithreacha single eile in aghaidh Dé agus dá bharr aontaíonn siad le Séan (deartháir Mháire a bhí ag dul leis an sagatóireacht) gur 'ba chóir bheith dian uirthi [orthu]'.

Chun léargas iomlán a fháil ar an mbealach míthrócaireach, fiú **mídhaonna** (inhumane) ar caitheadh leis na máithreacha singile seo, caithfear tuiscint a bheith agat ar phearsantacht Mháire mar aon le **luachanna** (values) an tsochaí agus **forlámhas** (supremacy) na bhfear (Pádraig ach go háirithe sa chás seo).

Níl aon amhras (there's no doubt) ach gur caitheadh go dona le Máire Ní Chathasigh a thúisce agus a tháinig sé chun solais go raibh sí ag iompar linbh. Is suntas an rud é nach léirítear an **dímheas** (disrespect) céanna ar an bhfear gur cúis leis an trioblóid. **Lom na fírinne** (the bare truth) nach raibh **comhionannas** (equality) a riamh i gceist lena caidreamh le Pádraig, an máistir scoile creidiúnach ón tús. Bhí **greim docht daingean** (tight grip) aige ar aigne Mháire. Tháinig sé i dtír ar a **saontacht** (naivety), ar a hóige agus ar a **heaspa taithí ar an saol** (lack of life experience). Baineann sé úsáid aisti chun a **dhúil ansrianta** (licentious lust) féin a shásamh agus ansin caitheann sé ar leataobh í, tar éis do 'leas' a bhaint aisti. D'aithin sé a chreideamh láidir agus **mhúnlaigh sé é seo dá usáid pearsanta féin** (he shaped/moulded it for his own personal gain) – chuir sé ina luí uirthi gur rud 'beannaithe' a bhí ar súil eatarthu. Déanann sé í a phósadh i **searmanas bréige** (fake ceremony) mar go dtuigeann sé go maolóidh sé sin **coinsias** (conscience) Mháire. Rinne sé a hinchinn a mhúnlú go dtí go raibh eagla uirthi go lá a báis thragóidigh a rún a sceitheadh le héinne beo. Ní léiríonn sé **buairt** (worry) ar bith mar tuigeann sé nach eisean a bheidh thíos leis an bhfadhb má éiríonn Máire torrach.

Thréig a teaghlach iomlán í in **am a gáthair** (time of need) - dhúiltaigh an triúr acu cabhair nó tacaíocht ar bith a thabhairt di. Bheifeá ag ceapadh ós rud é gur fágadh a máthair (Bean Uí Cathasaigh) ina haonar agus í **ag iompar clainne** (pregnant) go mbeadh sí **tuisceanach** (understanding) do chás a hiníne. A mhalairt atá fíor. An t-aon difríocht eatarthu ná go raibh máthair Mháire pósta nuair a d'éirigh sí torrach – ach i súile an phobail críostúil, **coiméadach** (conservative) sin í an t-aon difríocht atá tábhachtach. Rinne Bean Uí Cathasaigh iarracht fiú a **garleanbh** (grandchild) a mharú – a léiríonn go raibh Bean Uí Chinsealaigh cráite ag an smaoineamh go mbeadh a hÍomha tiarnúil scriosta sa phobal. Múnlaíonn agus úsáideann siad focal Dé dá n-úsáid féin – rud a léirítear nuair a thairg sí deoch leighis dá hiníon chun an ghin a mharú agus í ag déanamh tagairt d'fhocail Dé 'ní haon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan – rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine'.

Theastaigh ó Shéan a bheith ina shagart ach bhí an chuma ar an scéal nach bhféadfadh sé a bheith **oirnithe** (ordained) ina shagart agus a dheirfiúr ina máthair singil. Cé nach mothaíonn muid trua ar bith don fhear chruachróíoch, léirítear cé chomh **domhain** (deep) is a bhí an **claontacht** (prejudice) i leith máithreacha singile agus go raibh éifeacht aige ar gach ball den teaghlach.

Níos deireanaí sa scéal, dúirt Máire leis an Oibrí Sóisialta gurbh fhearr léi í féin a **bhá** (drown) ná dul ar ais abhaile – léiriú ar chomh dian, cruálach agus míchineálta is a bhí a muintir. Throid Máire

i gcoinne breithimh, maslú óna teaghlach féin – rud a bhí coitianta do mhórán máithreacha neamhphósta.

Baineann mórán carachtar buntáiste as **crúachás/coinníollacha** (crisis/ conditions) Mháire. Gearrann bean an lóistín **barraíocht** (excess) cíosa uirthi cé go n-**admhaíonn sí** (she admits) go raibh a fhios aici i gcónaí nár bhaintreach í Máire agus dá bharr nach mbeadh fáil aici ar **phinsean na baintreach** (widow's pension). **Níor leasc** (wasn't reluctant) an bhean uasal (Bean Uí Chinsealaigh) **dúshaothrú** (exploitation) a dhéanamh ar Máire – a léiríonn gur thuig an **uasaicme** (upper class) is **ísealaicme** (lower class) araon go mbreathnaíonn an tsochaí anuas ar mháithreacha peacúla ar nós Máire. Ní íocann an bhean uasal ach dhá phunt is deich scilling di cé gur **thairg** (offer) sí ceithre phunt ina fógra. Tuigeann na carachtair seo go bhfuil Máire ag bun an **cliathrás sóisialta** (social hierarchy) agus mar thoradh air seo gur féidir leo buntáiste a bhreith uirthi.

Tugtar 'striapach' ar Mháire ag mórán pointí den drama. Dar le muintir na hÉireann ba pheaca é gnéas roimh phósadh, agus sa tsochaí traidisiúnta, coimeádach seo cuirtear an bhéim ar **gheanmnaíocht** (chastity) agus sáraíonn Máire é seo. Nuair a chailleann sí a **geanmnaí** (chastity/purity) taobh amuigh den phósadh, níl sí níos deise ná striapach ar thaobh na sráide dar leis an bpobal. Chuir a máthair féin **mallacht** (curse) na baintrí uirthi 'Mallacht ar an té a tharraing an náire seo anuas orainn. Agus mallacht Dé anuas ortsa, a...striapach'. Níos deireanaí, i **dTeach an mhíchliú** (brothel) maslaíonn Pádraig Máire agus tugann sé striapach uirthi – b'shin an **buile marfach** (killer blow/final blow) i gcás Mháire de.

Sa tsochaí seo, nuair a éiríonn cailín torrach taobh amuigh den phósadh thugtaí dhá rogha don chailín – an leanbh a chur ar altramas nó athair an linbh a phósadh. Socraíonn an t-oibrí sóisialta agus an Bean Uasal gurb í Teach Tearmann an réiteach is fearr do Mháire. Nuair a bheirtear a leanbh, cailín sláintiúil, tá an córas, i bhfoirm an oibrí shóisialta ag ceapadh go dtabharfaidh Máire an leanbh **suas ar altramas** (up for adoption). Cuireann sí uafás agus **alltacht** (astonishment) ar Mháire ag ceapadh go bhféadfadh máthair scarúint lena leanbh ach in ionad seo tugann Pádraigín an neart di an córas a throid. Cuireann sí olc ar an oibrí sóisialta nuair a cheistigh sí fimíneacht an chórais/sochaí – cén fáth, má bhí a hiníon maith go leor do na haltramaithe, nárbh

féidir le Bean Uí Chinsealaigh glacadh leis an mbeirt acu ? Dar le Áine Ní Bhreasaíl (an t-Oibrí Sóisialta) bhí Máire **stuacach** (obstinate/stubborn), ceandána agus leithleiseach é seo fiú a lua - a léiríonn gur léirigh an Stát claontacht i leith máithreacha singile chomh maith. Sa deireadh socraíonn Máire a leanbh a choinneáil – rud a bhí go huile is go hiomlán neamhghnách.

Sa dráma seo tugtar léargas an-ghéar ar **nósanna** (customs) agus ar thuiscint pobal na tíre – rud a chabhraíonn linn breis tuiscinte a fháil ar an gcaoi chruálach, míchríostúil ar chaith muintir na hÉireann le máithreacha peacúla. Tugtar tuiscint ar an gcumhacht agus smacht an-láidir a bhí ag an Eaglais Chaitliceach, lena béim ar mhoráltacht an-chúng ar **na tuataigh** (the laity). Bhí lorg na hEaglaise le sonrú i ngach cuid den saol – fiú le feiceáil i ndlith na tíre agus i **mBunreacht** (constitution) na hÉireann (1937).

‘Bhris sí na rialacha. An té a bhriseann rialacha an cluiche cailtear ann é ‘. Ráiteas corraitheach é seo ó Shéainín an Mhótair ar an mbealach a ghníomhaíonn/ fheidhmíonn sochaí na seascaidí. Níor glacadh ach le **stíl maireachtáil áirithe** (particular lifestyle). Cé go raibh **formhór** (majority) de mhuintir na hÉireann ag cleachtadh an chreidimh Chaitlicigh ag an am sin **ar bhonn rialta** (on a regular basis), ní léiríonn siad pioc tuiscinte nó trua d’éinne a shocraíonn saol difriúil a chaitheamh – sin an cás maidir le máithreacha a shocraigh a bpáiste a thógáil ina n-aonar ar nós Máire.

Cé gur féidir a argóint gur bhris Máire rialacha na hEaglaise, sáraítear cleachtais daonna sa chaoi chaitear léi. **Déanann siad breitheamh uirthi** (they judge her) agus déanann siad imeallú uirthi - rud a théann go hiomlán i gcoinne soiscéal Eoin 8:7 (John 8:7).

Cailín óg, saonta, béasach le croí mor ab ea Máire Ní Chathasaigh. Ach is cuma leis an sochaí go bhfuil sí óg, críostúil nó saonta - dar leo is **siombail í do mímhoráltacht** (symbol of immorality). Rinne sí botún beag amháin a **shainíonn** (define) í i súile an phobail . Ní fheictear uirthi mar dhuine nó fiú **ceann de pháistí Dé** (one of God’s children). Lean an tsochaí leis an **gciallú cung** (narrow interpretation) den reiligiún Críostaíocht a **náirigh** (shame) éinne a bhí oscailte agus compórdach maidir le gnéas, ach go háirithe taobh amuigh den phósadh.

Máthair shingil a bhí **ag iarraidh a ndícheall** (wanted to do her best) a dhéanamh dá hiníon, cé go raibh an **tsochaí an dul ina haghaidh** (society went against her). Bhí an oiread sin grá aici do

Pháidrigín nár choir dá **stádas pósadh** (marital status) bheith tábhachtach. Ach an fhírinne ná sa tsochaí seo tá a míniú den **mhoráltacht** (morality) níos tábhachtaí ná grá.

Cuireann Seánín an Mhótair an cheist thráthúil ‘Cé a deir gur tír chríostaí é seo?’ **Tír a thiomáineann** (a country that drives) bean óg, **goilliúnach** (sensitive), cúthail ar nós Máire Ní Chathasaigh chun dúnmharú agus **lámh a chur ina bás féin** (commit suicide).

An fhírinne ná nach raibh Máire pósta agus coiméad sí a leanbh agus mar sin ní raibh, agus ní bheadh, trua tuillte aici ó éinne – bocht nó saibhir. Bhrúigh an Eaglais agus an tsochaí an cailín óg, saonta seo chun deireadh na feide cé gurb é a botún amháin ná **blaidearacht** (cajole) an mhúinteoir scoile creidiúnach, **urramach** (respected) a chreidiúint. Éiríonn le Mairéad Ní Ghráda léargas **sceirdiúil** (bleak), ionraic a thabhairt dúinn ar an mbealach cruálach, míthrócaireach ar caitheadh le máithreacha neamhphósta in Éirinn **san aois seo thart** (in the last century). Tugtar tuiscint ar am mímhóralta, leatromach i stair na hÉireann, am le **Tithe Níocháin Maigdiléanacha** (Magdalene Laundries), le ceannairí eaglaise mícharthanacha is le **heaspa córas sóisialta feidhmiúil** (lack of a functioning social system).